Guth Ghoill

Luach € 2.00

# Pat an Gréasaí



Déan teagmháil linn:
Céim Aniar Teoranta, Áras Ros Goill, Na Dúnaibh, Tír Chonaill.
Fón: 074 9154830 / Facs: 074 9154830 / Ríomhphost: ceimaniar@eircom.net

# AN CLÁR

An Gréasaí 3

An Áit is Áille in Éirinn 7

An Scoith Bhuí 8

Boutique ag an Loch Mór 9

Féile Náisiúnta Drámaíochta 11

Feadaímó 13

Imeachtaí an Óige 15

Nuala Mhic Suibhne (Mhici Rua) 16

© Céim Aniar Teoranta

# An Gréasaí.




Pádraig Mac Giolla Bhríde.
(Pat Dhonchaidh Shéarlaí Dhonchaidh Mhóir).

Rugadh Pat an Gréasaí, Pat Dhonchaidh Shéarlaí, nó lena ainm oifigiúil a thabhairt dó, Pádraig Mac Giolla Bhríde, in Albain sa bhliain 1905, mac le Donchadh Mac Giolla Bhríde, Donchadh Shéarlaí Dhonchaidh Mhóir as Doire a'Chasáin, a rugadh timpeall na bliana 1869 agus Gracie Nic Giolla Bhríde, Gracie Phaidí Róise as Doire a'Chasáin (faoin bhinn), a rugadh timpeall na bliana 1880. Pósadh iad timpeall na bliana 1900. Ceathrar clainne a bhí acu, Sissy, Maryanne, Pat agus Chéarlaí. Ba Sissy an duine ba sine acu agus rugadh í sa bhaile. Am inteacht i ndiaidh 1902 d'imigh siad go hAlbain agus ba ansin a rugadh Maryanne agus Pat. Ar an drochuair fuair Gracie bás, agus gan í ach deich mbliana agus fiche, sa bhliain 1910 agus í ag tabhairt duine eile clainne 'un tsaoil. Cúig bliana d'aois a bhí Pat san am sin. Bhí sé mar ghnás ag an am ina leithéid de chás an chlann a thabhairt do chuid de na daoine muinteartha le tógáil. Na seantuismitheoirí faoin bhinn a thóg Sissy, ba sin Máire agus Pádraig. Cuireadh Maryanne go Dumhaigh chuig a haintín Máire a bhí pósta ar Hughie Den (Mac Laifeartaigh). Ba ag aintín eile leo i nDumhaigh a chuaigh Chéarlaí, ba sin Bríd Fhearghal a bhí pósta ar John Fhearghal (Mac Pháidín). Ba Chéarlaí an duine ab óige, bhí sé dhá bhliain ag an am. D'fhan Pat lena athair i nDoire a' Chasáin.



*Donchadh Shéarlaí*



*Donnchadh, Gracie, Maryanne agus Pat i nGlaschú.*

Bhí athair Phat, Donchadh Shéarlaí ina ghréasaí fosta. D'fhoghlaim sé a cheird thiar i nDún Fionnachaidh ag gréasaí a raibh Mac a'tSaoir air. Bhí cúpla printíseach eile thiar aige fosta. Trí bliana a bhí acu le cur isteach mar phrintísigh lena gceird a fhoghlaim agus




*An Siopa Gréasaíochta i nGlaschú*

dár ndóigh cha raibh leathphingin rua le saothrú agus tú i do phrintíseach. Nuair a bhí a gcuid ama istigh agus a gceird foghlamtha acu thug siad a n-aghaidh ar Albain agus bhí teach gréasaíochta acu i nGlaschú. Ach shocraigh Donchadh, a bhean agus a chlann a theacht 'na bhaile.

Bhí scoil úr i nDoire a' Chasáin agus bhí an tseanscoil le díol. Cheannaigh siad an tseanscoil ar £57 agus chuaigh sé i gcionn oibre. Is dócha gur pingin mheasartha a bhí ansin ag tús an chéid dheireanaí.

Thosaigh Pat ag obair mar phrintíseach lena athair, i ndiaidh dó an scoil a fhágáil, bheadh seo timpeall 1919 agus fán bhliain 1922 agus a cheird foghlamtha aige chuaigh sé fhéin agus a athair i mbun oibre faoin díon amháin. Fuair Donchadh Shéarlaí bás sa bhliain 1952 agus as sin amach bhí Pat ar a chuid fhéin.

Rinne Pat a lá oibre deireanach mar ghréasaí ar an lá deireanach de mhí Eanáir 1980 i ndiaidh dó ocht mbliana déag agus daichead a chaitheamh ag gabháil don cheird. Cha dtiocfaí a bheith ina dhiaidh sin air mar bhí, mar a dúirt sé fhéin, an obair ag éirí róthrom dó. In agallamh le Feardorcha Ó Colla ar Raidió na Gaeltachta i mí Feabhra na bliana 1980 rinne Pat cur síos ar shaol an ghréasaí agus na hathruithe móra a thit amach le linn dó a bheith ag saothrú a choda mar ghréasaí. Tháinig athrú mór ar achan dóigh ar an cheird le linn na n-ocht mbliana déag agus daichead sin — san am ar thosaigh sé gheofá sáil ar dhá thuistín (8d) nó ar scilling agus leathbhonnaí ar thrí agus sé pingne (3/6). Fán am ar éirigh sé as, cé nach an luach amháin a bhainfí amach achan áit, chosnódh sé £5 bonnaí agus sála leathair a chur ar bhróga sa bhaile mhór. Chosnódh sála mná an punt agus sála fir punt agus deich scillinge. Cha ndíolfadh sé é sna bliantaí deireanacha a bheith ag cur sáltaí ar bhróga de thairbhe é a bheith ag obair ar an seandóigh, ina shuí ag obair le sceana agus meanaí, cha raibh an dóigh seo tapaigh go leor fá choinne airgid a thabhairt isteach. Dúirt sé go gcaithfeá an gléas agus na huirlisí cearta a bheith agat le hairgead maith a dhéanamh, 'sé sin go gcaithfeadh sé infheistíocht a dhéanamh in innealra agus teicneolaíocht nua-aimseartha

agus char bhuair sé fhéin ariamh leis sin, d'fhan sé leis an seandóigh i gcónaí.

Dúirt sé go dtiocfadh leat bonnaí agus sála a chur ar chúig phéire bróg sa lá ach go mbeadh sin ag brath ar an staid a mbeadh na bróga ann, cad é chomh caite is a bheadh siad. Mar sin de, bhí an méid bróg a thiocfadh leat a chóiriú sa lá ag brath ar cad é an cineál bail a bhí orthu. Corruair, b'fhéidir go mbeadh cuid mhór oibre le déanamh ar na bróga sula gcuirfí bonnaí nó sála orthu, b'fhéidir go mbeadh an tsáil le tógáil.

Char shíl Pat go raibh a dhath sócúlach faoi shaol an ghréasaí, bhí sé maslach go leor in amanna, agus fosta nach raibh a dhath folláin fá dtaobh de ach oiread, bheith i do shuí ansin ar feadh ocht nó naoi n-uaire achan lá.

Cha raibh an t-airgead comh fairsing sin nuair a thosaigh sé ar a cheird agus ba mhinic páistí ag dul thart costarnocht, go háirithe sa tSamhradh. Lena chois sin choinnigh daoine bróga ar feadh tréimhsí fada agus de thairbhe sin ba mhinic a dhéantaí iad a chóiriú. Choinneodh an tseanmhuintir na bróga ar feadh roinnt mhaith blianta, gheobhadh siad péire úr déanta agus ba mhian leo na bróga sin mairstin dóibh sé nó seacht de bhlianta agus ba mhinic a mhairfeadh siad an fhad sín dóibh mar go gcoinneodh siad ag cóiriú leofa orthu.

Sa tseanam cha bheadh ach an dá phéire bróga ag daoine ach le traidhfil de bhlianta dúirt sé go raibh trí agus ceithre phéire bróg ag daoine, sin ceann de na hathruithe móra a tháinig. Dúirt Pat go dtáinig an t-athrú ba mhó dósan sna fiche bliain dheireanach a d'oibrigh sé agus 'sé an chúis a bhí le seo ná go raibh bróga breá saor le ceannacht agus nach rabhthar a gcóiriú. Cha raibh an chuid ab fhearr d'ábhar ag dul isteach iontu, baineadh úsáid as rubar in áit an leathair agus cha rabhthar ag cóiriú na mbróg. Ansin thosaigh luach na mbróg a dhul suas agus thosaigh daoine a gcóiriú arís. Bhí daoine ag



*Pat agus a athair, Donnchadh, taobh amuigh den teach i nDoire a'Chasáin*

tiontú arís ar an leathair, ba mhian leis an chuid ba mhó acu leathar a fháil ach go raibh sé róchostasach — bhí leathar dúbailt an chostais a bhainfí amach ar rubar.

**Ag Déanamh na mBróg.**

Ba ghnách le Pat agus lena athair bróga a dhéanamh roimh an chogadh dheireanach ach stad siad de ina dhiaidh sin. Bhí obair mhór i ndéanamh péire bróg, bhí sé mar pháirt den cheird agus bhí lear scile ag baint leis. B'éigean an fhuáil uilig ar bhróga troma a dhéanamh leis na lámha ach dá mba bróga éadroime a bhíothas a dhéanamh thiocfaí úsáid a bhaint as an inneall fuála. Cha raibh bróga troma ar bith a n-úsáid níos mó, sin na bróga ar ghnáth na tairní a bheith iontu agus pláta ag a mbarr - an 'toe-plate'. D'imigh siad sin as faisean. Cha raibh siad le fáil mar nach raibh ceannacht ar bith orthu.

**Ag ceannacht na mBróg.**

Dúirt sé go raibh sé deacair ag daoine a rachadh isteach i siopa bróg le bróga a cheannacht déanamh amach cé acu bhí



*Seo thuas grianghraif de phictiúr a tharraing an t-ealaíontóir, Taylor Carson, de Phat agus é i mbun oibre*

cuid de na bróga maith ná olc. Dúirt sé nach raibh na bróga a rabhthar a ndéanamh ag an am déanta le mairstin, bhí siad le mairstin tamall agus ansin le caitheamh ar shiúl. Cha raibh fuáil ná tairní i bhformhór na mbróg ach go raibh achan chuid acu gliúáilte agus go mbeadh an tsáil nó na bonnaí ag imeacht dóibh in am ghairid. Maidir leis an leathar de dúirt sé go raibh siad i bhfad níos folláine, agus go raibh an bharúil chéanna ag dochtúirí, mar go dtarraingeodh an leathar an t-allas. Dúirt sé nach raibh na bróga a bhí déanta as an ábhar cruaidh sin macasamhail an plaisteach ag tarraingt ná ag sú allais ar bith, go raibh an t-allas ag dul ar ais isteach sna cosa.

Ba ghnách le daoine a bheith ag tarraingt ar Phat as an Uachtar agus as an Íochtar agus go deireanach bhí daoine ag tarraingt ar Phat as Baile na nGallóglach, An Tearmainn, Dún Fionnachaidh agus comh fada siar leis an Fhál Carrach. Ba ghnách le cuid acu a gcuid bróg a chur chuige leis na fir a bhíodh ar na veaineanna ag freastal ar lucht siopaí — veaineanna aráin go háirithe. Cha raibh, de réir cosúlachta, gréasaí ar bith le fáil sna háiteacha seo a thuilleadh. Nuair a d'éirigh Pat as a chuid oibre mar ghréasaí bhí an oiread sin oibre aige nach dtiocfadh leis coinneáil suas léi. Bhí i bhfad níos mó oibre aige ná bhí aige sna cúig bliana déag roimhe sin. Fán am ar éirigh Pat as cha raibh gréasaí ar bith ar an taobh seo de Leitir Ceanainn. Fuair an cheird bás mar nach raibh airgead le déanamh as, macasamhail na seancheirdeanna eile - an táilliúr agus an gabha ina measc. Chuir na huirlisí nua-aimseartha agus an teicneolaíocht úr iad amach as obair.


Bhí gréasaí eile sna Dúnaibh nuair a thosaigh Pat ar a cheird, fear de na Gallachóraigh agus bhí a mhacsan ag obair leisean fosta. Cha dtáinig mórán stócaigh isteach aige le linn na mblianta a chaith sé ag obair a thaispeáin suim sa cheird, tháinig corrdhuine a dúirt go dtiocfadh siad ar ais ach cha dtáinig. Bheadh siad ag súil le páigh agus iad ag obair mar phrintísigh agus cha bheadh an teacht isteach a bhí aigesean ábalta sin a sheasamh. Nuair a thosaigh sé fhéin bhí air trí bliana a chur isteach mar phrintíseach gan tuarastal ar bith ar a shon.

De thairbhe go raibh an oiread sin suime aige i gcúrsaí léinn dúirt sé dá mbeadh a shaol le caitheamh arís aige go mb'fhéidir go dtabharfadh sé iarraidh ar rud inteacht eile a dhéanamh dá mbeadh sé ábalta, ach an dóigh a raibh an saol ina amsan bhí na daoine creathnach bocht agus cha raibh a dhath fána gcoinne ach a dhul ag obair. Cha raibh cúrsaí oideachais ar an chloch ba mhó ar an choróin Mhuire ag an tseanmhuintir.

Dúirt sé go nglacfadh sé an chuid eile dá shaol a bhí fágtha aige go socair, go raibh suim mhór aige sa léitheoireacht. Bhí os cionn míle go leith de leabhartaí aige — leabhartaí liteartha ó thíortha na hEorpa, ón Rúis go dtí an Fhrainc, leabhartaí fealsúnachta, a leithéidí Plato, Aristotle, Machiavelli. Bhí sé sásta go gcoinneodh na leabhartaí sin é gnoitheach ach bheadh am aige fosta a dhul amach fá choinne pionta agus leathcheann. Fuair Pat bás ar an 10ú lá de Mheán Fómhair 1986 agus é bliain os cionn na ceithre scór.

Go ndéanaí Dia trócaire ar a anam dílis.

# An áit is áille in Éirinn.




Tháinig mé ar an leabhar seo ag díolachán cupla mí ó shin, "The Face of Ireland", le Michael Floyd, a foilsíodh don chéad uair sa bhliain 1937 agus seo an dara eagrán ón bhliain 1948. Cineál de threoirleabhar do chuairteoirí atá ann, ina bhfuil cur síos ar thaisteal fríd achan chontae sa tír, na radharcanna agus an tírdhreach atá le feiceáil. Chuaigh Contae Dhún na nGall go mór i bhfeidhm air, agus leoga, pictiúr de Chorrán Binne atá ar an chlúdach.

Ag cur tús leis an chaibidil faoi Dhún na nGall agus an Iarthuaisceart, deir sé "I should perhaps begin this chapter by saying that to me Donegal is the loveliest region of Ireland…", agus leanann sé leis ag moladh na sléibhte, na portaigh, na páirceanna agus na beanna. Agus cha raibh dearmad déanta ar Ros Goill. Deireann sé gur chuala sé go dtagann daoine chomh fada le hÓstán Ros na Binne agus go bhfilleann siad abhaile arís "without realising that they have been on the threshold of one of the really supreme points of Donegal; for in my opinion this praise is by no means too high for the Rosguill Peninsula … and indeed if I were to be asked to pick out one spot in Ireland that seemed to me to be more glorious than the rest, I believe that Rosguill would be my choice." De réir chosúlachta, ag an am, cha raibh an bealach thart an Drive thar mholadh beirte, agus dúirt sé gur fearr duit siúl!

Anois, nár cheart dúinn a bheith bródúil as ár gceantar féin?



*Seo thuas pictiúr de Dhumhaigh a bhí sa leabhar seo a foilsíodh don chéad uair sa bhliain 1937*

# An Scoith Bhuí



*Trá Dhumhaigh i ndiaidh an Scoith Bhuí*

Sin an t-ainm atá ar an stoirm a tharlaíonn idir an deichiú lá agus an ceathrú lá déag de mhí na Bealtaine achan bhliain. Bíonn daoine ag feitheamh ar an scoith bhuí teacht agus ag dúil le farraige throm agus aimsir gharbh teacht leis. Deirtear gur drochchomhartha aimsire é muna dtagann sé san am cheart.

Fásann leathach ar charraigeacha ar thóin na farraige agus nuair a bhíonn sé aibí i mí na Bealtaine scoitheann an stoirm seo de na carraigeacha é agus tagann an leathach isteach ar chorr chladach fan cheantar. Ba ghnách le muintir na háite lear úsáide a bhaint as an leathach san tseanam.



D'úsáidtí an leathach le cur ar chál nó ar thornapaí sa chuibhreann ach ní chuirtí é ar phrátaí. Bhí feamnach an-mhaith do na prátaí. Bhí an fheamnach le gearradh againn le corrán thíos ar an chladach faoin seanreilig, áit a raibh sciar againn ar thaobh Mhíobhaigh. Bhí an cladach sin roinnte idir mhuintir Chluain tSaileach. Bhí bealach nó cosán siúil againn ón reilig síos go dtí'n cladach, áit a bhfuil gallán ag fás anois. Ba dheacair an obair a bhí againn an fheamnach seo a thógáil ar dhroim asail ar a mbeadh úim agus cléibh, aníos aghaidh an chnoic go dtí'n cuibhreann a bhí le rómhar agus le druileáil againn le spád roimh ré. Corr uair bhí aoileach le cur amach as an charn aoiligh le hasal a raibh úim agus feadhnóga orthu. Bhí sé tábhachtach go dtiocfadh braon fearthainne ar an fheamnach sna druileanna le í a dhéanamh bog sular leag muid na scoilteáin. Sin prátaí a bhí gearrtha suas ag fágáil cúpla súil in achan scoilteán agus bhí gach scoilteán chomh maith le práta iomlán a chur sa talamh. Giotaí de phrátaí a bhí fágtha gan súil, tugadh creacháin orthu. Rinneadh na creatháin a bhruith do na ba.



*Teach Mhaggie Uí Dhochartaigh*

Anois ba chóir domh inse daoibh gur scéal mór a bhí ann i gCluain tSaileach nuair a bhriseadh an scéal go raibh an scoith bhuí ar na cladaí ar an Mheall Mhór - ar an Chladach Mhór, ar Chladach an Oileáin agus i Scoilt a Chúir. Bhíodh na céadta tonna ann ach sin ráite, ba obair throm láimhe é a shaothrú agus a shábháil. Bhí sé le cruinniú den chladach agus ansin gearradh an leathach de na slata mara. Nuair a thiocfadh sé isteach bheadh na slata b'fhéidir cúig nó sé throigh ar fad agus iad tiubh. Bheadh siad le triomú ansin agus dhéantaí cocaí dóibh. Bhéarfadh muid an




leathach agus na slata mara go dtí teach Mhaggie Uí Dhochartaigh ar an Mheall Mhór ar dhroim asail le úim agus cléibh. Bhí dhá asal againn. Rinne muid cruacha den leathach ag teach Mhaggie agus ón áit sin thug muid an leathach aníos go Cluain tSaileach le beathach agus cairt. Díoladh na slata mara le fear darbh ainm Baxter i mBaile na nGallóglach agus thiocfadh leoraí thart le iad a thógáil. Bhí Baxter a chur ar shiúl chuig monarchan, áit a raibh iaidín a dhéanamh as agus is dóiche rudaí eile chomh maith.

Seo Proinsí agus é ag rámhaille fán tseanam.







# Boutique ag an Loch Mór.



Duine ar bith a thug cuairt ar an 'Murder Hole' nó a shiúil amach go barr Chnoc na Sleá ariamh cha dtiocfadh leo gan an Loch Mór, a bhfuil leaba shuaimhneach aici faoi bhun an chnoic agus atá i bhfolach ón saol mór, a thabhairt faoi deara. Agus má théann tú an bealach sin tráthnóna deas Samhraidh bhéarfaidh tú faoi deara cúpla eala ag snámh ansin ar chiúnas an locha, gan duine ná deoraí le cur chucu ná uatha. Bhéaraim comhairle duit ag an phointe seo a bheith cúramach agus gan a dhul i ndeis dá gcuid neadracha a bheas le feiceáil ar imeall an locha, taobh an chnoic díthe. Nuair a fheiceann siad daoine thart sleamhnaíonn siad go formhothaitheach isteach ar na neadracha lena gcuid uibheacha a ghoradh, a choimhéad agus a chosaint.

De thairbhe go bhfuil an loch leath i bhfolach istigh faoi bhun an chnoic agus nach bhfaigheadh

an ghriain a fhad léithe mórán sa Gheimhreadh, ba ghnách le doimhneacht d'oighreog a bheith uirthi le linn tréimhsí de shiocán trom. Bhí scéal a chuala mé le linn m'óige faoin loch mór agus an oighreog. Tá áit os cionn tigh Mhící John i nGort na Luchóg a dtugtar 'Colainn gan Ceann' uirthi. Nuair a rinne mé an t-ainm seo a cheistiú agus mé mo ghasúr, hinsíodh domh faoin fhear a chuaigh amach ar an Loch Mór le linn di a bheith faoi chlúdach oighreoige. Bhris an oighreog faoina chosa, cailleadh é faoin oighreog agus bádh é. Ní rabhthas ábalta a theacht ar an chorp go dtí gur bhisigh an aimsir agus gur leáigh an oighreog. Nuair a tharla seo fuarthas an corp ach cha raibh cloigeann ar bith air. Bhí an oighreog comh tiubh agus comh géar sin gur gearradh an ceann de nuair a thit se fríd an oighreog. Cuireadh é san áit a dtugtar 'Colainn gan Ceann' air. Níl fianaise ar bith gur tharla a leithéid ná eolas ar bith faoi cárbh as an fear ach nach haisteach é a leithéid d'ainm a bheith ar áit. B'fhéidir gur hinsíodh an scéal sin le heagla a chur ar pháistí agus iad a choinneáil ar shiúl ón Loch Mór ach maireann an t-ainm 'Colainn gan Ceann' go dtí an lá inniu. Macasamhail an 'Murder Hole' níl mórán eolais againn faoi cén bunús atá leis na hainmneacha seo.

Má shiúlann tú thart fá imeall an locha, ar thaobh na farraige, bhéarfaidh tú faoi deara lorg na seanbhallóg. Bhí teach anseo tráth den tsaol agus ní amháin go raibh teach ann ach bhí siopa sa teach céanna. Ba anseo a bhí cónaí ar Bhidí Nic Giolla Bhríde nó Bidí Phaidí Óig mar ab fhearr aithne ar an teaghlach seo. Bhí deirfiúr ag Bidí a bhí pósta thall i nDumhach Beag i bhFánaid ar fhear de chlann Mhic a'tSaoir agus tháinig a mac James anall agus ba eisean a chur an siopa ar bun in aice an locha. Tá mé cinnte nach raibh mórán siopaí éadaigh san Íochtar fán am sin, bhuel bhí ceann ar thaobh an locha ar an Mheall Mhór, tigh Bhidí





Phaidí Óig, a bhí a reáchtáil ag James Mac a'tSaoir. Caithfidhse go bhfaca sé riachtanas de shórt éigin fán cheantar maidir le stíl éadaigh de, go háirithe i measc na mban, nuair a d'éirigh leis siopa rathúil a reáchtáil ar shuíomh a bhí chomh hiargúlta agus chomh scoite amach sin.

Ba ghnách leis aghaidh a thabhairt ar chathair Ghlaschú achan mhí leis an éadach a cheannacht. Shiúladh sé go Rath Mhaoláin, gheobhadh sé an bád farantóireachta (ferry) as sin go Fahan, traein go Doire agus trasna ar an bhád. Dhéanadh sé an turas céanna 'na bhaile ach bheadh dhá bhraillín lán d'éadach agus de bhróga leis, lán braillíne ar achan ghualainn leis, ag teacht 'na bhaile dó. Rachadh an scéala amach ansin go raibh lód eile d'éadach tagtha go siopa Mhac a'tSaoir agus dheamhan i bhfad go mbeadh na scaiftí de chailíní óga, ó achan chearn den pharóiste agus as Fánaid, ag tarraingt ar an tsiopa. Cha raibh bealach ceart déanta go dtí an Mheall Mhór ag an am agus ba ghnách le daoine a gcuid rothar a fhágáil ar thaobh an bhealaigh agus siúl amach Cnoc a'Staighre, sin an cnoc sin ar chúl tigh Mhicí John agus ansin síos Cnoc a'Dochartaigh. Bhí ráchairt mhór ar bhlúsanna agus ar bhróga ag an am agus rinne James cinnte go raibh mná an cheantair ag caitheamh an stíl ba nua-aimsearthaí d'éadach agus de bhróga. Ba ghnách leis na mná a gcuid bróg úr a iompar i málaí agus ansin na seanbhróga a chaitheamh díobh fhéin agus na bróga úra a chur orthu sula dtéadh siad isteach ag Aifreann nó isteach i halla damhsa. Cha raibh na bróga úra seo fóirsteanach do na bealtaí nó na casáin gharbha a bhí thart anseo agus chaithfeadh na bróga úra mairstin tamall.

Bíonn cuid mhór cainte sa lá atá inniu ann faoi 'entrepreneurs', bhuel is cinnte go dtiocfaí James Mac A'tSaoir a chur isteach sa chuideachta sin. Dá mbeadh sé beo le linn ré an Tíogair Cheiltigh dhéanfadh sé a shaibhreas.

D'imigh James ar ais go Dumhach Beag ag deireadh a shaoil agus fuair sé bás thall.

## Féile Náisiúnta Drámaíochta 2012 i Ros Goill.



*Ar chúl, ó chlé tá: Aodh Mac Laifeartaigh, Seán Ó Morónaigh (Comhlachas Náisiúnta Drámaíochta), Finghin Mac Laifeartaigh, Aire Stáit na Gaeltachta, Donnchadh Mac Fhionnlaoich T.D., Seán Mac Laifeartaigh, Daragh Mac Laifeartaigh, Caoimhín Mac a'Bháird, Seán Mac Giolla Bhríde, Ailín Pasoma, Ruaidhrí Mac Conaglaigh, Seosamh Ó Cuilinn agus Antáin Mac Giolla Bhríde. Chun tosaigh tá an moltóir, Máirtín Mac Donnchadha, Proinsias Ó Cuilinn, Fíona Pasoma agus Seán Ó Dochartaigh.*

Tháinig aisteoirí ó achan chearn den tír go dtí Na Dúnaibh don Fhéile Náisiúnta Drámaíochta a bhí ar siúl anseo i mí na Bealtaine. Le tús a chur leis na himeachtaí, rinne Raidió na Gaeltachta "Barrscéalta" a chraoladh beo ó oifig Chéim Aniar ar an Déardaoin, 3 Bealtaine. Bhain an lucht éisteachta sult mór as an chaint a thug Mícheál Mac Giolla Easbuic, Uachtarán an Oireachtais, faoi "Sábháil na hOidhreachta" oíche Déardaoin in Óstán na Trá agus leoga as na seanscéalta a bhí a insint ina dhiaidh sin.

Rinne Colm Ó Baoill ó Fhoras na Gaeilge an



*Peigí Ryder (Cathaoirleach Céim Aniar) agus Mícheál Mac Giolla Easbuic ag an ócáid in Óstán na Trá*



*An clár "Barrscéalta" a craoladh beo ó oifig Céim Aniar.*



*Proinsias Ó Cuilinn agus Proinsí Mac Giolla Bhríde i mbun scéalaíochta in Óstán na Trá.*



*Daragh Mac Laifeartaigh agus Fíona Pasoma sa dráma "Taibhsí na nGael"*

fhéile a oscailt go hoifigiúil i gColáiste Ros Goill oíche Dé hAoine agus bhí an halla plódaithe nuair a chuaigh Aisteoirí Mhíobhaigh ar an ardán leis an dráma úrscríofa "*Taibhsí na nGael*", le Proinsias Ó Cuilinn.

Tá an dráma seo suite sna blianta 1609-1611. Tharla Teitheadh na nIarlaí i 1607 agus anois tá Plandáil Uladh faoi lánseoil. Troideann Clann Uí Néill na Speiríní go cróga le seilbh a choinneáil ar a gcuid tailte ach faightear an bhuaidh orthu. Ansin teitheann siad go Tír Chonaill, áit a bhfaigheann siad drocham ón Tiarna Talún, Colm Ó Domhnaill, atá muinteartha dóibh. Fear é a thiontaigh ón chreideamh Caitliceach. Is duine gan trócaire, gan trua é agus é ina ghortachán santach. Tá sé soiléir go bhfuil a choinsias ag cur isteach air agus tá eagla air roimh an domhan neamhshaolta. Tagann taibhse chuige ar lorg díoltais sa tríú radharc agus caithfidh Colm cinneadh mór a dhéanamh faoina shaol.

Cuireadh cúig dhráma eile i láthair i gColáiste Ros Goill thar an deireadh seachtaine - "*Magadh fé Mhagadh*", cóiriú le hAisteoirí Bhréanainn ar "An Béal Bocht" a léirigh Aisteoirí Bhréanainn, Corca Dhuibhne, Co. Chiarraí; Scéaldráma "Dúthaigh Sheoigheach" le Peadar Ó Díreáin a léirigh Aisteoirí Chorr na Móna, Co. na Gaillimhe; agus "*An Teach Mór*" dráma de chuid Phroinsias Uí Cuilinn a léirigh Aisteoirí Charn Tóchair, Co. Dhoire ar an Satharn agus ansin ar an Domhnach chuir Aisteoirí an Lóchrainn, Ceatharlach an dráma "*Bidín*" le Pádraig Standún ar an ardán agus chuir Aisteoirí Mhic Easmuinn, An Cheathrú Rua, Co na Gaillimhe dráma eile de chuid Phroinsias Uí Chuilinn, "*Díoltas an tSaoil*" i láthair.



*Máire Uí Chléide i mbun oibre ar chúl stáitse.*

Craoladh Aifreann na Féile beo ar Raidió na Gaeltachta ó Theach Pobail Realt na Mara, sna Dúnaibh ar an Domhnach. Ár mbuiochas leis an Athar Cathal Ó Beirn S.P. a rinne an tAifreann a chéiliúradh agus leis an chór de thairbhe an cheoil ar leith a chur siad ar fáil.

Ba é Máirtín Mac Donnchadha a rinne moltóireacht ar an fhéile agus rinne Aire Stáit na Gaeltachta, Donnchadh Mac Fhionnlaoich na gradaim a bhronnadh tráthnóna Dé Domhnaigh. Rinneadh an ócáid seo a chraoladh beo ar Ráidió na Gaeltachta fosta. Bhí Aisteoirí Mhíobhaigh thar a bheith sásta gur bhain siad trí ghradam ag an fhéile. Beidh deis ag muintir na háite an dráma seo a fheiceáil arís i gColáiste Ros Goill ar an Luan 23 Iúil ag a hocht a chlog.

Thug na cuairteoirí moladh mór d'áilleacht an cheantair agus do chairdiúlacht agus do fhlaithiúlacht mhuintir na háite agus ba mhaith linn ár mbuíochas a ghabháil le achan duine a chuidigh le Céim Aniar le linn na Féile agus do bhunadh an cheantair a chur fearadh na fáilte roimh ár gcuairteoirí.



*An Tiarna Talún*

# Feadaímó



Tá Feadaímó agus na boic eile i ndiaidh éalú ó chathair Dhoire, áit a raibh Domhnall mar phríosúnach ag an Choirnéal Albertson. Ghlac siad seilbh ar bhád seoil a bhí ag na saighdiúirí agus tá siad faoi láthair ar an Fheabhail ag seoladh ó dheas. Tá an lá geal ann agus tá scuad dragúin ar an bhruach thoir ag leanstan á dturais ach tá siad ag titim chun deiridh mar nach rabhthas ábalta mórán dul chun cinn a dhéanamh de thairbhe chomh míchothrom agus a bhí an talamh.

Mharaigh Domhnall an Coirnéal sula deachaigh siad ar an bhád agus anois níl saighdiúir fán cheantar nach bhfuil sa tóir orthu. Tá Tuathal ar an mhaide stiúrach agus tá Páidí ag obair ar an seol leis an bheirt mhairnéalach a choinnigh siad ar an bhád. Scaoileadh Seán sa chos agus iad ag teitheadh agus tá Domhnall agus Éamonn ag obair ar an ghoin. Dhoirt Domhnall brandaí ar an chos agus lig Seán scread mhillteanach as agus rinne sé iarracht briseadh ar shiúl ach choinnigh Éamonn greim teann air. Sheas Domhnall agus thaispeáin sé an piléar do Sheán. "Tá seans maith agat anois do chos a choinneáil, a Sheáin. Níl cnámha ar bith briste agus ba chóir go dtiocfadh biseach anois air leis an luaidhe seo amuigh." Labhair Seán agus pian ina ghlór. "Maith sibh, ach char mhaith liom go mbeadh orm a leithéid de phian a fhulaingt arís." Bhí Feadaímó ina sheasamh in aice le Tuathal agus é ag coinneáil súil ghéar chun deiridh. Bhí rud amháin ag cur isteach air ach char labhair sé faoi. Nuair a chuaigh siad ar an chéad bhád aréir chur sé ceist faoin Choirnéal agus nuair a fuair sé amach gur scaoileadh é bhí eagla air ceist a chur fá Shíle. Cha raibh a fhios aige cé acu beo ná marbh í. Más beo a bhí sí tharraingeodh sí trioblóid mhór anuas ar mhuintir s'aige sa bhaile. Bhí air fáil amach. "A Dhomhnaill," a dúirt sé, "cad é a tharla do Shíle aréir? "Bhí a fhios agam go mbeadh an cheist sin ag teacht," arsa Domhnall. "Níl a fhios agam an scéal maith nó scéal olc atá agam duit, ach tá sí marbh." "Scaoil tú í?" arsa Feadaímó agus fearg ina ghlór. "Cha dear mé," arsa Domhnall, "ach caithfidh mé a rá go raibh sé ar intinn agam. Dá bhfaigheadh sí deis de shórt ar bith scaoilfeadh sí an scéal uilig uaithi agus bheadhas muid uilig san fhaopach. Bhí an t-ádh linn, a ghasúir, gur scaoil duine de na saighdiúirí í sa dorchadas. Ná lig dó cur isteach ort, a Fheadaímó. Bheadh ort fhéin sin a dhéanamh cibé." "Cha ndéanfainnse é," arsa Feadaímó. "Nach ndéanfá?" arsa Domhnall, "agus cad é a bhí tú dul a dhéanamh léi? An raibh tú chun í a thabhairt leat go Meiriceá? Amaidí! Bhí nimh ina croí aici duit, go háirithe nuair a chur tú a hathair ar long na Sasanach. An raibh tú chun do theaghlach a chur i gcontúirt ar mhaithe leis an bhean sin?"

Thiontaigh Feadaímó uaidh. Bhí a fhios aige go raibh an ceart ag Domhnall. Í fhéin a rinne na cinnithe a d'fhág í ina luí fuar. Bhris Tuathal isteach ar a chuid smaointe le scread. "Amharcaigí, tá dhá bhád seoil sa tóir orainn." D'amharc siad uilig sa treo ina raibh a mhéar dírithe. "Chan fheicimse rud ar bith," arsa Domhnall. "Tchímse iad," arsa Feadaímó, thig leat na seolta a fheiceáil ar íor na spéire." Chuaigh achan duine i gceann cainte ag an am amháin. "Socraígí," arsa Feadaímó, "tá siad rófhada ar shiúl le bheith ina chontúirt againn. Tá bád s'againn fhéin chomh gasta le rud ar bith atá acusan. Le sin chuala siad Seán ag béiceach. "Coimhéad, a fheara." Thiontaigh siad agus chonaic siad an mairnéalach is sine ag scaoileadh rópa agus é ag scairteadh leis an mhairnéalach eile. "Loosen the mainstay, Micí, smartly now," ach char bhog an fear eile. Thit an ghaoth as an seol agus léim Feadaímó chun tosaigh. Thóg sé an chéad mhairnéalach agus chaith sé é amach as an bhád. Lig sé scread mhillteanach as fhéin sular bhuail se an t-uisce. Bhí greim ag Domhnall agus ag Éamonn ar an mhairnéalach eile agus shiúil Feadaímó ina threo. "Bhail, a Mhicí," a dúirt sé, "I hope you can swim." "Tá snámh agamsa," arsa Micí, ach cha raibh snámh ar bith ag Richie bocht." D'amharc Feadaímó thar an taobh ach cha raibh iomrá ar bith ar an mhairnéalach eile. "Shílfeá go mbeadh múineadh ar fhear nach raibh snámh aige is é amuigh ar bhád," arsa Feadaímó. "Tá snámh agus Gaeilge agatsa, a Mhicí. Cé thú agus cad chuige an bhfuil tú ag troid in éadan do mhuintire fhéin?" "As Bun an Phobail mé, tá sé tuairim is fiche míle ó thuaidh as seo ar an taobh eile den chuan. Tógadh mé fhéin is mo dheartháir amach as bád iascaireachta cúig bliana ó shin agus cuireadh muid ar long chogaidh de chuid na Sasanach. Maraíodh mo dheartháir ach shíl me fhéin go ligfí saor mé nuair a fuair siad an bhuaidh ar Napoleon. Chan amhlaidh a bhí. Bhuail mé cnag ar Chaptaen lá amháin agus tugadh rogha domh - fanacht ar na bádaí nó dul amach go dtí'n Astráil." "Agus cad é do rogha anois?" arsa Domhnall. Bheir Micí ar an rópa agus tharraing sé é teann. "Cuidigh liom seo a cheangal ar ais nó cha bhíonn an darna rogha ag duine ar bith againn," a dúirt sé. Chuidigh Feadaímó agus Éamonn leis agus roimh i bhfad bhí an seol ag tógáil gaoithe.

"Munar mhiste libhse, a fheara," arsa Micí, "sílim go bhfuil mo sháith de chabhlach an Rí agamsa agus ba mhaith liom saol de mo chuid fhéin a bheith agam. Cha dtig liom dul abhaile ach tá neart long thíos i nGaillimh, ag dul anonn is anall go Meiriceá, a mbeadh lúcháir orthu mairnéalach de mo leithéidse a fheiceáil." D'amharc Feadaímó air, "tá sin suimiúil," arsa seisean. "Tá mé fhéin ag iarraidh dul go Meiriceá. Má fhaigheann muid réitithe de na saighdiúirí b'fhéidir go rachainn go Gaillimh leat." "Beidh fáilte romhat, ach beidh orainn a bheith cúramach. Chuala mé sibh ag caint agus má tá sé fíor gur mharaigh sibh Coirnéal,

gan trácht ar na saighdiúirí agus na mairnéalaigh a chur sibh faoin fhód, beidh na hÚdaráis ar fud na tíre bhur gcuardach." "Char dúirt mé go mbeadh sé furasta," arsa Feadaímó, "ach gheobhaidh muid réiteach ar an cheist nuair a thagann muid a fhad leis." Bhí casadh san abhann cúpla céad slat ó dheas uathu agus d'iarr Feadaímó ar Thuathal an bád a stiúradh i dtreo an bhruaigh thiar. D'amharc sé chun deiridh agus chonaic sé nach raibh na bádaí eile a dhath níos cóngaraí dóibh. "Nuair atá muid as radharc cuirfidh mé sibhse isteach ar an bhruach. Thig libh dul i bhfolach agus coinneoidh mise is Micí ag dul ó dheas leis an bhád. Déanaigí réidh anois." "Tá rud anseo a chuideoidh libh an fear gortaithe a iompair thart," arsa Micí, agus chuaigh sé isteach sa chábán. Bhí siad uilig ag ullmhú don turas a bhí rompu nuair a tháinig Micí ar ais agus leaba luascáin agus dhá rámha ina lámha. Cheangal sé na rámhaí don leaba agus chuidigh Domhnall leis Seán a chur ina luí air. Ghlac Feadaímó an maide stiúrach ó Thuathal agus nuair a chuaigh siad thart an coirnéal scaoil Micí an ghaoth as na seolta agus chuir Feadaímó an bád isteach teann leis an bhruach.

Léim siad uilig amach agus shín Feadaímó Seán chucu. "Níl a fhios agam cad é le rá leat, a Fheadaímó," arsa Domhnall. "Níl faill againn a dhath a rá anois," arsa Feadaímó. "Coinnígí i bhfolach tamall go dtí go dtéann na bádaí thar an phointe seo. Ghlacfaidh muidinne ár n-am sa dóigh is go mbeidh radharc maith acu orainn. Slán, a fheara, agus ádh mór." "Ní dhéanfaidh muid dearmad duit, a Fheadaímó," arsa Domhnall, "agus má fhaighimse deis de shórt ar bith buailfidh mé le do mhuintir le hinsint dófa go bhfuil tú i gceart." "Má fhanann muid anseo i bhfad eile," arsa Feadaímó, "cha bhíonn duine ar bith againn i gceart." Cheangail Micí rópa an tseoil arís agus rinne Feadaímó an bád a stiúradh amach ón bhruach. Scairt siad uilig slán leis agus iad istigh i measc na gcrann. Sheol siad leo ó dheas in éadan an tsrutha agus an dá bhád eile á leanstan. I bhfad chun deiridh orthu ar an bhruach thoir chonaic siad na dragúin ach bhí a fhios ag Feadaímó go raibh siad sábháilte a fhad is go raibh anáil gaoithe acu. "Beidh dragúin ar an taobh thiar fán am seo," arsa Micí. "Tá shúil agam go mbeidh do chuid cairde ábalta iad a sheachaint." "Chan amadáin ar bith iad," arsa Feadaímó, "ach cha chuidíonn sé leo go bhfuil Seán gortaithe. Sin ráite, tá airgead acu agus beidh siad ábalta capaill a cheannacht. Tá aithne ag Domhnall ar na feirmeoirí uilig thart fá seo is bheinn sásta go leor go bhfaighidh siad an cuidiú ceart." D'amharc sé chun deiridh arís agus ansin ar an ghrian. "Tá na bádaí sin cóngarach go leor dúinn," a Mhicí. Déan an seol sin a theannadh anois. Rachaidh muid píosa eile ach caithfidh muid an bád seo a fhágáil roimh i bhfad. Tá na bruacha ag teannadh ar a cheile más faide ó dheas a théann muid." D'amharc Micí air. "Dá dtiocfadh linn coinneáil ag dul b'fhéidir míle eile. Tá abhainn eile a thagann isteach san Fheabhail agus b'fhéidir go mbeadh deis againn éalú uathu ansin." "Obair leat," arsa Feadaímó, "tá go leor ama againn míle eile a chur fúinn." "Tá shúil agam," arsa Micí, "tá an abhainn ag cailleadh doimhneachta más faide ó dheas a théann muid." Bhí casadh eile san abhainn agus d'inis Micí d'Fheadaímó a bheith réidh le tiontú siar. "Seo anois é," a dúirt sé, agus tharraing sé ar rópa an tseoil. Cha raibh an sruth chomh láidir san abhainn seo agus rinne siad dul chun cinn maith. "Má tá an t-ádh linn ba chóir go mbeadh na Sasanaigh caillte againn," arsa Micí. "Ádh?" arsa Feadaímó, "cha raibh luath leathphingin d'ádh ormsa ó thosaigh mé le Domhnall. Idir ghadaithe agus saighdiúirí cha raibh uair faoisimh agam. Chaill muid Colm bocht, tá Seán gortaithe agus má bhéarfar orm ní fheicfidh mé an mhaidin." Le sin stad an bád go tobann. "Tá muid greamaithe," arsa Micí. "Níl doimhneacht go leor againn. Cad é sin a bhí tú ag rá fá ádh, a Fheadaímó?" Thóg Feadaímó a ghunna agus a mhála agus léim sé amach as an bhád. "Má tá tusa ag iarraidh fanacht anseo a Mhicí, déan sin. Cha dtig leo locht ar bith a chur ortsa." "Amaidí," arsa Micí, "imigh thusa leat, cha bhímse i bhfad i do dhiaidh." Chuaigh Feadaímó siar i dtreo coille agus é ar fáire i rith an bhealaigh. Bhí sé istigh i lár an Lagáin agus bhí an talamh breá saibhir. Chonaic sé ba agus capaill go tiubh sna cuibhrinn agus an féar glas leathbealaigh suas ar na cosa orthu. Bhí fir i bpáirceanna eile ag baint féir le corráin. B'fhéidir fiche acu sa pháirc amháin. Tháinig aoibh gháire ar aghaidh Fheadaímó agus é ag smaoineamh ar an difir idir an talamh seo agus an talamh lom carraigeach a bhí ag a mhuintir fhéin cois farraige. Shuigh sé tamall i lár na gcrann sa choill agus tháinig Micí a fhad leis ag iompar mála agus cúpla ceann de na leapacha luascáin. Shín sé ceann acu chuig Feadaímó. "Cuir sin i do mhála, a chara, beidh sé de dhíth ort sula bhfeiceann tú Cuan na Gaillimhe." "Caithfidh muid a bheith cúramach," arsa Feadaímó, "tá lear daoine sna cuibhrinn thart orainn agus cha dtig linn aird a tharraing orainn fhéin." "Bheadhas muid sábháilte go leor anseo is dóiche," arsa Micí, ach má thagann na saighdiúirí ar an bhád is é seo an chéad áit a chuardóidh siad." "Tá díog ag bun an chuibhrinn sin thall," arsa Feadaímó, "agus téann sé a fhad leis an scioból mhór sin. Thiocfadh linn seall a chaitheamh ansin agus bheadh radharc maith againn ar an abhainn agus ar an tír uilig." "Maith go leor," arsa Micí, "tá sé go réidh againn na bonnaí a bhaint as."

Beidh tuilleadh sa chéad eagrán eile.

# Imeachtaí an Óige

Chuir aisteoirí óga ó Ros Goill an dráma úrscríofa "*Triail an Drabhlásaigh*" le Proinsias Ó Cuilinn, i láthair ag an Fhéile Náisiúnta Scoildrámaíochta san Ionad Ealaíne ar an Mhuileann gCearr ar 27 Aibreán agus bronnadh duais an mholtóra d'Aisteoireacht mar Ghrúpa orthu ag ócáid i bPáirc an Chrócaigh ar 17 Bealtaine. Glacadh an grianghraif seo dóibh ag ócáid cheiliúrtha sa Síbín Ceoil ar 18 Bealtaine.




Bronnadh teastais ar na páistí uilig atá páirteach i scéim pleanála teanga Céim Aniar ag an ócáid seo agus bronnadh coirn ar bheirt chailín agus ar bheirt ghasúr - Laura Pasoma agus Mícheál Mac Giolla Bhríde a bhí ainmnithe mar rannpháirtithe na bliana ag imeachtaí Chéim Aniar agus Síle Ní Threartaigh agus Pádraig Mac Fhinneachta a bhí ainmnithe mar na












rannpháirtithe ar tháinig an feabhas ba mhó orthu i rith na bliana.

Bronnadh teastais ceoil orthu siúd a bhí ag freastal ar na ranganna uirlisí ceoil i rith an gheimhridh chomh maith. Beidh scíste beag acu anois go dtí lár mí Iúil nuair a bheas an chéad champa samhraidh ar siúl againn in Ionad CLG na nDúnaibh.









*Ar chlé tá Nuala Mhic Suibhne (Mhici Rua) as na Dúnaibh a bhí le feiceáil ar fhógra do Dhéirithe Lakeland ar RTE 1 le gairid. Bhain Nuala máistreacht sa bhiteicneolaíocht amach in Ollscoil Chorcaigh i 1998 agus ina dhiaidh sin chuaigh sí ag obair do Lakeland i gCill na Seanrátha, Contae an Chabháin, áit a bhfuil sí go fóill. Tá sí fostaithe ansin anois mar Bhainisteoir Forbartha Táirge.*

*Tá an uachtarlann seo ag déanamh uachtar reoite chomh maith le hearraí eile agus tá conradh anois acu le SuperValue.*

An Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta
Department of Community, Rural and Gaeltacht Affairs

Urraithe ag Foras na Gaeilge

Údarás na Gaeltachta

AN COMHLACHAS NÁISIÚNTA DRÁMAÍOCHTA
Camas, Conamara.
Teil: 091-574146 / Facs: 091-574155
eolas@drama-gaeilge.com www.drama-gaeilge.com